

Cur i bhfeidhm don Scoil Uile na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Comhshaol Iomlán na Scoile

- ‘Is féidir le normáltacht, gnáthobair agus sábháilteacht na scoile a bheith cumachtach agus teirpeach do pháiste i mbaol.’
- ‘Is féidir leis an scoil a bheith ina chomhghuaillí do pháistí, ina rathóir ar chosaint bunúsach, ina thógálaí cumas, ina áit slán le hiniúchadh a dheánamh orthu féin agus ar an domhan, ina chomhtháthóir sa phobal agus sa chultúr, ina gheata dó dheiseanna dhaoine fásta’.

An t-Ollamh R.Gilligan

Comhshaol Iomlán na Scoile

Is féidir le múinteoirí gníomhú mar éisteoirí, mar ábhar muiníne agus mar eiseamláirí dearfacha do leanbh

Is féidir le scoil atá aireach, an leanbh a chosaint ó dhroch-chóireála agus dochar

Is féidir le scoil teorainneacha a chur ar fáil, chun múinín agus muintearas leanaí a fhorbairt

Is féidir le scoil a bheith ina dídeán don leanbh ó fhaillí nó ó thimpeallacht baile maslach

Soláthar Curaclaim

Foghlaimíonn leanaí faoi shláinte agus dea-bhail trí chlár cosúil le 'Bí Sábháilte, OSPS agus OCG.

Tugann 'Bí Sábháilte' scileanna do pháistí seasamh i gcoinne ansmacht agus múineann dóibh insint do dhuine fásta má bhraitheann siad mí-shábháilte.

Ag leibhéal an Iar-bhunoideachais tá na modúil ar Shláinte Mhothúchanach agus Sábháilteacht Phearsana tábhachtach go háirithe do chosaint leanaí, chomh maith leis an tsraith shinsearach in OCG.

Córas Teachtaireachta

Ba chóir go mbeadh eolas ag pobal na scoile uile ar an bpolasaí do chosaint leanaí agus ar na nósanna imeachta – Ag baill an Bhoird Bhainistíochta, ag na daltaí, ag na tuismitheoirí agus ag lucht foirne na scoile uile.

Is é an DIA [Duine Idirchaidrimh Ainmnithe] atá freagrach go dtarlóidh seo.

DALTAÍ

Ba chóir go mbeadh ar eolas ag na daltaí:

- Cad is ciall le mí-úsáid
- Go bhfuil Níosanna Imeachta ag an scoil chun cúnamh leo
- Gur cheart dóibh insint do dhuine má tá siad i mbaol ar bith
- Go bhfuil teorainneacha le rúndacht: má tá leanbh i mbaol, tá dualgas ar an múinteoir é seo a insint.

Tuismitheoirí

Is gá anois go mbeidh Tuismitheoirí ar an eolas faoi na nósanna imeachta agus dualgaisí phearsanna na scoile.

Ma tá an DIA ag seoladh imní chuig an FSS[HSE], ba chóir do thuismitheoirí bheith ar an eolas nach bhfuil sé/sí ag déanamh líomhan.

Tá cumarsáid oscailte idir an scoil agus na tuismitheoirí riachtanach ar mhaithe le leas an linbh.

Tá bileog eolais tuismitheora i bhfillteán agus ar an láithreán ghréasáin an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/OSPS

An Fhreagracht a leagtar ar Lucht Foirne uile na Scoile

- Caithfidh go mbeidh tuiscint shoiléir ag lucht foirne na scoile ar na Nósanna Imeachta
- Cuirfidh gach duine den lucht foirne iad féin ar an eolas faoi chomharthaí agus airíonna drochúsáide
- ... a bheith feasach ar an bhféidearthacht de mhí-úsáid
- ... a bheith eolach faoi theorainneacha rúndachta agus a bheith i ndán seo a mhíniú go soiléir do na daltaí
- ... conas déileáil le nochtadh
- ... conas imní a thaifeadadh go cruinn agus go hoibiachtúil
- ... ábhair imní i sheoladh i scríbhinn chuig an DIA

Taifeadadh Imní nó Nochtú

Ta taifead i scríbhinn riachtanach má tá imní nó amhras faoi mhí-úsaid nó faillí ar leanaí

Cuirfidh baill d'fhoireann na scoile cuntas cruinn ar fáil ar a bhfuil tugtha faoi deara acu - Is fearr na focail díreach mar a dúirt an páiste a úsáid.

Déanfar cur síos mion ar ghortaithe fisiciúla agus, más cuí sin, sceitseáil léirithe.

Déanfar an cuntas ar an gcomhrá a shíniú, dáta a chur leis agus é a thabhairt don DIA, a choinneoidh i dtaisce é.

Imní Taifeadadh á Choinneáil

Le himeacht ama, is féidir le taifead cabhrú chun pictiúr den leanbh a thógáil

Ta difríocht idir ábhair imní nó tuairimí a thaifeadadh agus líomhain a dhéanamh

Ba chóir taifead scríofa a bheith gan barúil nó tuairimíocht

Ba chóir an teanga a úsáidtear a bheith neodrach agus neamhchlaonta

Samplaí de Scríobh Tuairiscí Lag

- Dúirt sé go bhfuair sé an marc as titim ach bhreathnaigh sé domsa gur dorn a fuair sé
- Bhí marc dódh toitín ar a lámh
- D'fhiafraigh mé de ar bhuail a athair aon duine eile sa teaghlach
- Ní dheachaigh mé i dteagmháil leis na tuismitheoirí, mar go bhfuil siad foréigneach
- Dúirt sí liom gur leag an fear a lámh ar a brollach ach bhí mé den bharúil gur tharla níos mó ná sin

Taifeadadh go hoibiachtúil

- Dúirt sé go bhfuair sé an marc as titim. Bhí marc ciorcalach gorm agus dearg ar a leiceann
- Bhí créacht bheag chruinn ar a lámh a bhí dorcha ar na himill
- Chuir mé ceist air ar mhaith leis rud ar bith eile a insint dom
- Ní dheachaigh mé i dteagmháil leis na tuismitheoirí toisc go raibh siad maslach go fisiciúil agus ó bhéal leis an bpríomh-oide
- Dúirt sí gur leag an fear a lámh ar a brollach. D'amharc sí eaglach agus dúirt sí nach raibh sí ag iarraidh níos mó a rá

Sábháilteacht agus Cúram Foirne

Moltar do lucht foirne na scoile teorainneacha proifisiúnta a choinneáil i gcónaí agus a bheith eolach ar:

- Cód Iompair na Scoile (féach 6.3.4)
- Cód Iompair Ghairmiúil den Chomhairle Mhúinteoireachta
- Treoir Proifisiúnta Iompair JMB/IVEA/ACCS
- Cód Moráltachta Comhairle Spóirt na hÉireann

Teorainneacha

Ba chóir go mbeadh an caidrimh idir múinteoirí agus daltaí proifisiúnta, ómósach agus oiriúnach i gcónaí.

Gníomhíonn múinteoirí in áit na dtuismitheoirí [in loco parentis]: Is é an dualgas cúraim sin, ná a bheith ag feidhmiú mar a bheadh tuismitheoir cúramach agus freagrach ann.

Aird faoi leith maidir le téacs/ríomhphost/facbook/twitter srl., cumarsáid le mic léinn

Caidrimh idir Múinteoirí agus Daltaí

Is sarú múiníne iad seo, tá siad mí-eiriciúil agus ní cheadaítear iad in aon chás

Nuair a ghníomhaíonn mac léinn go mí-chuí nó mí-oiriúnach, ní mór don bhainistíocht gníomhú go tapaidh agus go daingean chun an lucht foirne a chosaint

Chomh maith leis sin, nuair a ghníomhaíonn duine den lucht foirne go mí chuí nó mí oiriúnach ní mór don bhainistíocht gníomhú go tapaidh chomh maith

Teorainneacha Fisicúil

- NÍ MÓR DON FHOIREANN:
- Aon teagmháil a bhféadfadh mac léinn nó tuismitheoir mí-léamh a dhéanamh air a sheachaint
- Meas a thabhairt do spás pearsanta agus príobháideach
- Gníomhú go freagrach i gcás mac léinn atá ag goilleadh, de réir mar a éilíonn an ócáid

Cásanna Duine le Duine

- Seachain nuair is féidir
- Is féidir príobháideacht a chur ar fáil ach ba chóir na daoine fásta a bheith le féiceáil i gcónaí
- Níor chóir painéil ghloine a bheith clúdaithe
- Níor chóir doirse a chur faoi ghlas
- Ná coinnigh mac léinn ina aonar i bpáirt iargúlta den scoil. Má tá ceist smachta ann, tabhair an mac léinn chuig limistéar lárnach

Dínit agus Meas

- Tá cearta dínite agus urraime ag gach ball de phobal na scoile, saor ó chiapadh, imeagla nó iompar mhaslach
- Maidir le ciapadh, tá an tástáil suibiachtúil
- Ní chuirfear suas le teanga ionsaitheach/scéalta grinn, tuairimí gnéasacha, ráiteas ciníoch nó hómafóbach nó le teachtaireachtaí téacs mi-oiriúnach.

Moltar do Scoileanna Prótacail a bheith acu ar:

- Maoirseacht ar na seomraí feistis agus leithris
- Riaradh Garchabhair
- Grianghrafadóireacht
- Cuardach na mac léinn agus taisceadáin
- Fórsa réasúnta a úsáid
- Turais scoile agus cásanna cónaithe

I gcás líomhain a dhéantar i gcoinne múinteora, ba chóir do/di teagmháil a dhéanamh leis an ASTI / TUI [Cumann an Aontais Meánscoileanna/Aontas Múinteoirí Éireann] chun tacaíocht agus comhairle a fháil.

Cuireann an Clár Cúnaimh Fostóir / Employee Assistance Programme, réimse seirbhísí sláinte agus comhairleoireachta ar fáil.

Is féidir le múinteoirí teagmháil a dhéanamh le Carecallwellbeing.ie nó 1800 411 057 fiche ceathair uair sa lá, trí chéad seasca cúig lá sa bhliain.